



C/2023/1207

27.11.2023

**Foilsíú leasaithe chaighdeánaigh fhorpheasta, ar leasú atá ann ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus earraí bia, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún**

(C/2023/1207)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 6b(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE SONRÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁISC GHEOGRAFAIGH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTÁIT A CHUR IN IÚL

**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

**‘Aceituna Aloreña de Málaga’**

**Uimh. AE: PDO-ES-0785-AM02 - 29.8.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

**1. Ainm an táirge**

‘Aceituna Aloreña de Málaga’

**2. An Ballstát lena mbaineann an limistéar geografach**

An Spáinn

**3. Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Ard-Stiúrthóireacht um Thionscal Agraibhia, Nuálaíocht agus Slabhra an tSoláthair Bia na hAireachta um Thalmhaíocht, Iascach, Uisce agus Fhorbairt Tuaithe de Rialtas Pobail Fhéinrialaithe na hAndalúise

—

**4. Tuairisc ar an leasú (na leasuithe) formheasta**

**1. Athrú ar an bhfoclaíocht chun an teanga a dhéanamh níos cuimsithí**

Leasú 1 ar Roinn B.1 (Tuairisc ar tháirge) agus Roinn F (Nasc leis an timpeallacht geografach) den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.2 (Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm in (1) maidir leis) agus Roinn 5 (Nasc leis an limistéar geografach) den doiciméad aonair.

Cuireadh an nath ‘generación en generación’ (ó ghlúin go glúin) in ionad an nath ‘padres a hijos’ (athair go mac).

Cúis:

Rinneadh an leasú seo chun Airteagal 14(11) de Dhlí Orgánach 3/2007 an 22 Márta 2007 maidir le combhionannas éifeachtach idir fir agus mná a chomhlíonadh: ‘Teanga atá neodrach i dtaobh inscne a thabhairt isteach sa réimse riaracháin agus í a chur chun cinn i ngach idirghníomhú sóisialta, cultúrtha agus ealaíon.’

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

**2. Athrú ar an bhfoclaíocht a áirithiú go n-úsáidfean an teanga iomchuí**

Leasú 1 ar Roinn B (Tuairisc ar tháirge) agus Roinn E (an Modh táirgthe) agus Roinn F (Nasc leis an timpeallacht geografach) den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.2 (Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm in (1) maidir leis) agus Roinn 5 (Nasc leis an limistéar geografach) den doiciméad aonair.

Cuireadh an focal ‘crocante’ (cnagach) in ionad an fhocail ‘crujiente’ (úr).

<sup>(1)</sup> IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Cúis:

De réir thuairisceoirí orgánaileipteacha na huigeachta, is é 'cnagach' an tuairisceoir ceart don ológ, toisc go n-úsáidtear an tuairisceoir 'úr' le haghaidh bia atá dhíodráitithe, mar a léirítear in UNE-EN ISO 5492:2010 Anailís chéadfach – Stór Focal.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. *Athrú ar an bhfoclaíocht a áirithiú go n-úsáidfean an teanga iomchuí*

Leasú ar Roinn 3.2 (Tuairisc ar tháirge lena mbaineann an t-ainm in (1)) den doiciméad aonair.

Cuireadh an focal 'pimiento' (piobar) in ionad an fhocail 'guindilla' (piobar sillí).

Cúis:

Braitheadh earráid tras-scríofa, ós rud é gurb é 'piobar' an blastanas ceart, mar a léirítear sa chéad mhír de Roinn 3.2 agus i Roinn 5.3 den doiciméad aonair, chomh maith le i Ranna B.1, E.8, F.1 agus F.4 de théacs iomlán na sonraíochta táirge.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

4. *Níos mó solúbthachta sna ceanglais mhéide le haghaidh na n-ológ*

Leasú ar Roinn B.3 (Aicmí 'Aceituna Aloreña de Málaga'), Roinn B.3.1 (Ológa is mó cáilíochta), den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.2 (Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm in (1) maidir leis) den doiciméad aonair.

Cuireadh na focail 'le huasmhéid 200' in ionad na bhfocail 'le méid 140-200'.

Cúis:

A áirithiú go bhfuil íosmhéid an táirge faoi chosaint (ológa) oiriúnach don aicme.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

5. *Níos mó solúbthachta sna ceanglais mhéide le haghaidh na n-ológ*

Leasú ar Roinn B.3 (Aicmí 'Aceituna Aloreña de Málaga'), B.3.2 (Ológa ag a bhfuil cáilíocht níos fearr), agus Roinn F.3 (Saintréithe an táirge deiridh) den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.2 (Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm in (1) maidir leis) agus Roinn 5.2 (Sainiúlacht an táirge) den doiciméad aonair.

Cuireadh na focail 'le huasmhéid 260' in ionad na bhfocail 'le méid 140-200'.

Cúis:

A áirithiú go bhfuil íosmhéid an táirge faoi chosaint (ológa) oiriúnach don aicme.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

6. *Tagairt do Pháirc Náisiúnta Sierra de las Nieves a áireamh*

Leasú ar Roinn C (Limistéar Geografach) den tsonraíocht táirge.

Cuirtear an méid a leanas isteach tar éis na chéad abairte sa dara mhír:

Thairis sin, tá bardais El Burgo, Monda, Ronda, Tolox agus Yunquera laistigh de Pháirc Náisiúnta Sierra de las Nieves, a fógraíodh mar pháirc náisiúnta in 2021, agus tá bardais Alozaina, Casarabonela agus Guaro laistigh dá chrios cosanta forimeallach.

Cúis:

Aitheantas a thabhairt don fhíoras gur dearbhaíodh páirc náisiúnta sa limistéar táirgthe, rud a threisíonn a ról comhshaoil.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Feabhas ar an bhfoclaíocht*

Leasú ar Roinn D (Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar) na sonraíochta táirge.

Cuireadh na focail 'cineál údaraithe' in ionad na bhfocal 'cineálacha údaraithe'.

Cúis:

Toisc nach n-údaraithe ach cineál amháin don AFTC, agus go bhféadfaí mearbhall a bheith ann mar thoradh ar úsáid an iolra.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

#### 8. *Focláíocht níos solúbtha den tsonraíocht chun freastal ar aon chineál comhlachta rialúcháin*

Leasú ar Roinn D (Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar) na sonraíochta táirge.

8.1. Sa tríú mír, cuireadh na focail 'comhlacht rialúcháin' in ionad na bhfocal 'bord rialála', ionas go léitear an abairt iomlán anois mar a leanas: 'Ní mór don chomhlacht rialúcháin cleachtais saothraithe i ngarráin olog chláráithe a fhíorú ar bhonn na gcleachtas a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.'

8.2. Sa cheathrú mír, cuireadh na focail 'ag an gcomhlacht rialúcháin' in ionad na bhfocal 'ag cigirí arna n-údarú ag an mbord', ionas go léitear an abairt iomlán mar a leanas anois: 'Ní mór na hológa blaitithe a fháil ó mhonarchana próiseála cláráithe atá lonnaithe laistigh den limistéar táirgthe agus a ndéanann an comhlacht rialúcháin cigireacht orthu.'

Cúis:

Ionas go mbeifear in ann aon chineál comhlachta rialúcháin a chumhdach mar a léirítear i nDlí na hAndalúise 2/2011 an 25 Márta 2011 maidir le hiascaigh agus cáilíocht bia.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

#### 9. *Athrú ar an bhfoclaíocht maidir le tástáil orgánaileipteach*

Leasú ar Roinn D (Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge) den tsonraíocht táirge agus Roinn 3.2 (Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm in (1) maidir leis) den doiciméad aonair.

Cuireadh focail eile in ionad na míre seo a leanas:

'Ní mór tástáil orgánaileipteach a dhéanamh ar an táirge chun a cháilíocht a áirithiú. Tá an modh meastóireachta ar shaintréithe orgánaileipteacha bunaithe ar COI/OT/NC Uimh. 1. Is é COI/OT/MO Uimh. 1, 2008 an caighdeán trádála is infheidhme maidir leis an olog bhoird. Tá an modh chun anailís chéadfach a dhéanamh ar ologa boird, bunaithe ar thaighde ó Roinn Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia Ollscoil Córdoba [Departamento de Bromatología y Tecnología de los Alimentos de la Universidad de Córdoba], leagtha amach i lámhleabhar an chomhlachta rialúcháin maidir le cáilíocht agus nósanna imeachta.'

Leasaítear foclaíocht Roinn H den tsonraíocht táirge mar a leanas:

'Ní mór tástáil orgánaileipteach a dhéanamh ar an táirge chun a cháilíocht a áirithiú, i gcomhréir leis an tuairisc orgánaileipteach ar gach modh ullmhúcháin a áirítear i Roinn B.2.'

Cúis:

Próiseas deimhniúcháin an táirge faoi chosaint a chosaint.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

#### 10. *Gnéithe a bhaineann le seiceálacha agus deimhniúcháin a bhaint den tsonraíocht táirge*

Scríosadh foranna D.2 agus D.3 ó Roinn D (Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar) na sonraíochta táirge.

Scríosadh Roinn D.2 (Go sonrath, is mar a leanas a bheidh na seiceálacha) agus D.3 (Go sonrath, is mar seo a leanas a bheidh an próiseas deimhniúcháin).

Cúis:

Scríosadh na ranna sin toisc nach meastar gurb iomchuí na seiceálacha agus an próiseas deimhniúcháin a áireamh sa tsonraíocht táirge, rud nár cheart ach na ceanglais táirge a chumhdach léi.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Mír neamhriachtanach a scriosadh*

Leasú ar Roinn E, (Modh táirgthe), E.3 (Paraiméadair sheasta), den tsonraíocht táirge.

Cúis:

Scríosadh an dara mír toisc nach meastar go bhfuil sé riachtanach don mhodh táirgthe.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

12. *Athrú ar an bhfoclaíocht*

Leasú ar Roinn E, (Modh táirgthe), E.2 (Teicnící saothraithe), den tsonraíocht táirge.

Coinníodh an chéad dá mhír den fho-alt seo agus scríosadh an chuid eile.

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an dara mír, ina dhiaidh sin:

Ní mór a áireamh sa chúram a thugtar do gharráin ológ an cúram is iomchuí do thalamh agus báisteach gach bardais sa limistéar táirgthe agus ní mór é a bheith oiriúnach don chineál bairr, bíodh sé traidisiúnta nó orgánach (de réir mar is iomchuí), i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm i gcónaí.'

Cúis:

Leasaíodh an fhoclaíocht, toisc go meastar go bhfuil sé níos iomchuí do na teicnící saothraithe atá ann faoi láthair.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Soiléiriú a áireamh maidir le dáta na buainte*

Leasú ar Roinn E, (Modh táirgthe), E.3 (Buaint), den tsonraíocht táirge.

Áiríodh an soiléiriú seo a leanas: '(cé go bhféadfadh an dáta sin a bheith éagsúil ag brath ar na dálaí aimsire i ngach séasúr fáis).'

Cúis:

Ós rud é gur barr neamhuiscithe é, tá an séasúr fáis ag brath go mór ar na dálaí aimsire.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *Foclaíocht níos solúbtha maidir leo siúd a bhfuil baint acu leis an táirge a fháil agus a ghrádú*

Leasú ar Roinn E, (Modh táirgthe), E.6 (Fáltas agus grádú), den tsonraíocht táirge.

Maidir le fáil agus grádú, cuireadh tógáil éighníomhach in ionad an fhocail 'oibreoirí'.

Cúis:

Is féidir le hoibreoirí é sin a dhéanamh nó le hinnealra atá calabraithe chun na críche sin, gan difear a dhéanamh do tháirgeadh an táirge faoi chosaint.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Aceituna Aloreña de Málaga'**

**Uimh. AE: PDO-ES-0785-AM02 - 29.8.2023**

**STFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Aceituna Aloreña de Málaga'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *Cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Ológ bhoird bhlaistithe a fhaightear ó thorthaí sláintiúla chineál Aloreña de chrann ológ (*Olea europaea* L.), a bhaintear ar an leibhéal iomchuí aibise sula n-athraíonn sé dath, a bhfuil dochar déanta uirthi faoi sháile trí choipeadh nádúrtha agus iad blaitithe le tíme, finéal, gairleog agus piobar nó eastóscáin de na plandaí sin i gcoibhneas idir 1 % agus 3 %.

Tá saintréithe ag na trí chineál 'Aceituna Aloreña de Málaga' arb é an cineál agus an modh ullmhúcháin a úsáidtear sa limistéar ina bhfástar agus ina bpróiseáiltear iad go heisiach is cúis leo:

- (a) Ciallaíonn an t-ábhar oleuropein íseal nach gá iad a chóireáil le hidrocsaíd sóidiam a bhaint as a searbhas, agus mar sin déantar an searbhas a bhaint amháin in uisce agus salann, agus déantar iad a bhlastú le tím, finéil, gairleog agus piobar. Dá réir sin, seasann an t-ológ amach mar gheall ar an gcráiceann agus a shnáithíneacht a bheith ann. Is ológa nádúrtha iad, a bhfuil leibhéal éagsúil coipthe iontu.
- (b) Tagann an chloch shaor go héasca ón mbia.
- (c) Bhronn painéil blaiste meastóireachtaí den scoth as a cóimheas bia-le-cloch, a haonchineálacht, a huigeacht chnagach agus teinne an bhia.
- (d) Maidir leis an mboladh/an mblas, áirítear ar na cáilíochtaí a sheasann amach a dea-bholadh agus cothromaíocht iomchuí an tsalainn go dtí a searbhas mhín (a bhíonn tipiciúil don mhodh ullmhúcháin saor ó alcaile). Braithéann an searbhas ar leibhéal coipthe na n-ológ, agus is gnách go mbíonn na hológa glasa úra níos seirbhe ná na hológa a ndearnadh coipeadh iomlán orthu.

D'fhéadfadh trí tháirge ar leith a bheith mar thoradh ar 'Aceituna Aloreña de Málaga' a phróiseáil, ag brath ar an modh coipthe a úsáidtear le haghaidh na n-ológ:

1. 'Aceituna Aloreña de Málaga' *verde fresca* (glas úr):

Cuirtear na hológa i gcoimeádáin láithreach in áit fhuaraithe nó i seomraí fuara, áit a gcoinnítear ag uasteocht 15 °C iad. Tar éis na hológa a scáineadh agus a chur i sáile, ní mór 3 lá ar a laghad a bheith ann sula ndéantar iad a phacáistiú.

Saintréithe orgánaileipteacha

Is iondúil go mbíonn dath glas éadrom ar na hológa úra agus bíonn boladh an-taitneamhach orthu a chuireann torthaí glasa agus féar glas i gcuimhne, agus a n-úire agus a mbuaint le déanaí á gcur i gcuimhne acu. Ar an gcaoi chéanna, tugtar faoi deara go bhfuil na blaitithe tréithiúla a úsáidtear ina n-ullmhúchán ann. I measc na mblas bunúsach tá searbhas sainiúil, agus uaireanta is féidir láithreach salainn a shainaithe, ag brath ar an gcineál blastanais a úsáidtear. I measc na mothaithe sa bhéal, tá seirbhe agus láidreach.

2. 'Aceituna Aloreña de Málaga' *tradicional* (traidisiúnta):

Tar éis na hológa sin a fháil agus a ghrádú, cuirtear na hológa sin i gcoimeádáin in áitreabh gan aerchóiriú, áit a stóráiltear iad ar feadh 20 lá ar a laghad sula ndéantar iad a phacáistiú lena dtomhailt.

Saintréithe orgánaileipteacha

Bíonn dath glasbhuí go bánbhuí ar na hológa atá blaitithe go traidisiúnta. Músclaíonn a mboladh torthaí úra agus na blastanais thipiciúla a úsáidtear ina n-ullmhú seachas na bolaithe úra féir is saintréithe de na hológa glasa úra. Tá uigeacht níos daingne acu, ach coinníonn siad na saintréithe a bhfuil cur síos orthu i ngach cineál 'Aceituna Aloreña de Málaga'. Tá searbhas mín sna hológa seo, agus tá seirbhe agus láidreach níos lú faoi deara ná sna hológa glasa úra.

3. 'Aceituna Aloreña de Málaga' *curada* (leasaithe):

Tar éis iad a fháil agus a ní, cuirtear na hológa sin, gan iad a scoilteadh, in umair choipthe agus déantar iad a leigheas ar feadh 90 lá ar a laghad roimh an bpacáistiú.

Saintréithe orgánaileipteacha

Bíonn dath buí ar an ológ leasaithe agus bíonn boladh torthaí aibí agus féir úr uirthi. Tá dea-bholadh na mblastán agus na nótaí luchtacha, saintréithe an mhodha ullmhúcháin agus leasaithe, i láthair. Tá daingne agus cnagacht níos lú san uigeacht aici. Tá blas aigéadach uirthi, cailleann sí a searbhas sa bhéal agus tá iarbhlas láidir uirthi.

Is gá go mbeidh ológa a aicmítear mar shonrúchán tionscnaimh 'Aceituna Aloreña de Málaga' den cháilíocht is fearr nó níos fearr:

Ológa is mó cáilíochta: áirítear sa chatagóir seo ológa d'aicme 'breise', i gcomhréir leis an gcaighdeán cáilíochta le haghaidh ológa boird, atá 200 ar a mhéad.

Ológa ag a bhfuil cáilíocht níos fearr: áirítear sa chatagóir seo ológa in aicme 'T', i gcomhréir leis an gcaighdeán cáilíochta le haghaidh ológa boird, le huasmhéid 260.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe: táirgeadh an amhábhair, ullmhú an táirge agus pacáistiú críochnaitheach.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe: táirgeadh an amhábhair, ullmhú an táirge agus pacáistiú críochnaitheach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláráithe*

Déantar an pacáistiú de réir mar a thagann orduithe isteach, agus ní mór do na hológa 3 lá ar a laghad a chaitheamh sna coimeádáin sula ndéantar iad a phacáistiú. Cuirtear na blastanais atá tipiciúil sa limistéar áitiúil leis na hológa ag céim an phacáistithe. Ciallaíonn nádúr meatach an táirge, a shaintréithe sonracha agus an modh ullmhúcháin nach mór an pacáistiú a dhéanamh i gcónaí i limistéar geografach tháirgeadh agus ullmhú ATFC 'Aceituna Aloreña de Málaga', chun saintréithe orgánaileipteacha ológa Aloreña a bhaint amach agus a chaomhnú go dtí go gcuirfear ar an margadh iad.

Tá an pacáistiú bunaithe ar na catagóirí a bhunaítear sa chaighdeán cáilíochta le haghaidh ológa boird. I dtaca leis sin, is gá go mbeidh na hológa a aicmítear mar shonrúchán tionscnaimh 'Aceituna Aloreña de Málaga' den cháilíocht is fearr nó níos fearr.

Chun an tréimhse mhargaíochta a fhadú, féadfar cóireáil a chur ar na hológa amháil paistearadh nó a bheith pacáilte i bhfolús in atmaisféar rialaithe, ar choinníoll go gcoinníonn an táirge deiridh a shaintréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha bunaidh.

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe: táirgeadh an amhábhair, ullmhú an táirge agus pacáistiú críochnaitheach.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláráithe*

Ní mór an t-ainmniúchán 'Aceituna Aloreña de Málaga' a thaispeáint ar an lipéad. Ní mór séalaí cáilíochta uimhrithe a bheith ag pacáistí a eiseoidh an t-údarás bainistíochta. Ní mór an cineál ológ a lua ar an lipéad: glas úr, traidisiúnta nó leasaithe.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgthe suite in oirdheisceart réigiún Mhaidrid agus tá 19 mbardas ann san iomlán: Alhaurín de la Torre, Alhaurín el Grande, Almogía, Álora, Alozaina, Ardales, El Burgo, Carratraca, Cártama, Casarabonela, Coín, Guaro, Málaga, Monda, Pizarra, Ronda, Tolox, El Valle de Abdalajís agus Yunquera.

## 5. Nasc leis an limistéar geografach

### 5.1. Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá ceantar nádúrtha Guadalhorce (Sierra de las Nieves agus Valle del Guadalhorce) laistigh de limistéar shliabhraon Cordilleras Béticas. Tá an Abhainn agus Gleann Guadalhorce teoranta ag sraith sliabhraonta agus cnoic. Ciallaíonn an córas sléibhe seo go bhfuil an limistéar táirgthe sainithe go soiléir, agus gurb é an t-aon oscailt amháin ag béal Abhainn Guadalhorce.

Comhcheanglaíonn aimsir an cheantair aeráid ilchríochach agus gnáth-aeráid imchuach na Meánmhara, as a dtagann miocraeráid an-aonarach a chumasaíonn éagsúlacht mhór barra a tháirgeadh, ó na réigiúin sin atá coitianta go réigiúin thrópaiceacha, amhail abhacáid, go dtí an táirgeadh gránach a fhaightear i machairí feirmeoireachta réidhe. Sa timpeallacht seo, tá an t-ológ lonnaithe go príomha i limistéir thirime ar fhánaí na gcnoc agus na sléibhte atá timpeall ar an ngleann, a bhfuil tionchar cinntitheach acu, mar aon le boige na haeráide, ar shaintréithe deiridh an táirge, ar dháta an fhómhair agus ar nós na gcrann, i measc nithe eile.

Tá luí na talún an-éagthrom, agus tá garráin ológ suite ar na fánaí atá timpeall ar Ghleann Guadalhorce, atá sainithe go soiléir agus timpeallaithe ag an sliabhraon. Dá dheasca sin, fásann an crann ológ ar ithreacha imeallacha agus bochta agus níl sé den chineál an-táirgiúil a fhaightear ar thalamh feirme saothraithe. Ina ionad sin, tá táirgiúlacht íseal ag an éagsúlacht seo, ach tugann sé torthaí a bhfuil a cáilíocht acu nach bhfuil a shárú ann.

As na teicnící saothraithe a úsáidtear chun ológa a fhás i nGleann Guadalhorce, is ag prúnáil a bhíonn an tionchar is mó ar na saintréithe deiridh. Sa cheantar seo, tugtar faoi deara é mar gheall ar a dhéine agus an struchtúr deiridh a thugann sé don chrann. Is éard atá i gceist leis an modh prúnála seo na brainsí is óige a ghearradh ar ais, ach na príomhbhrainsí crainn a fhágáil, rud a thugann struchtúr gloine fíona don chrann, ar a bhfuil fásra éadrom fágtha, agus an chuid is mó de na brainsí tánaisteacha bainte. Tugann sé seo cruth cuach an-uathúil don chrann.

Áirítear sa phróiseas ullmhúcháin na cóireálacha éagsúla a dhéantar ar na hológa chun a searbhas chomh maith lena mblaistiú a bhaint. Tá an próiseas seo bunaithe ar nósanna sinsearach a thugtar ó ghlúin go glúin thar na blianta. Tá an modh beagnach mar an gcéanna leis an modh a úsáidtear sna blianta fadó, rud a fhágann go bhfuil sé an-sainiúil agus uathúil don limistéar as a dtagann an táirge seo.

### 5.2. Sainiúlacht an táirge:

5.2.1. Ábhar Oleuropein. Is é oleuropein an polaifeanól a thugann searbhas d'ológa, agus tá thart ar 103 mg in aghaidh an chileagraim in 'Aceituna Aloreña de Málaga', rud a chiallaíonn gur féidir searbhas na n-ológ a bhaint trí phicilt amháin. Tar éis díreach 48 uair an chloig i sáile, baintear an searbhas.

5.2.2. Tá cloch shaor aici agus mar sin tagann an chloch go héasca ón mbia. De réir traidisiún áitiúil, déantar am fómhar a chinneadh tríd an ológ a ghearradh sa lár chun a fháil amach an bhfuil an bia scartha go héasca ón gcloch. Más amhlaidh, léiríonn sé seo gurb é seo an t-am is fearr chun na hológa a roghnú. Is cáilíocht a bhfuil an-tóir uirthi é sin in ológa boird, agus is beag díobh atá a d'fhéadfaí é sin a mhaíomh ina leith.

5.2.3. Tá cóimheas bia-le-cloch de 3:1 ar a laghad ar cheann de na cóimheasa is airde le haghaidh ológa boird.

5.2.4. Tá uasmhéid 260 ag 'Aceituna Aloreña de Málaga'. Go traidisiúnta, tá an-tóir ag táirgeoirí agus tomhaltóirí araon ar an bparaiméadar sin, agus cuirtear cleachtais saothraithe ar leith i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach.

5.2.5. Tuairisc orgánaileipteach ar na cineálacha éagsúla 'Aceituna Aloreña de Málaga':

#### 5.2.5.1. Glas úr

Is iondúil go mbíonn dath glas éadrom ar na hológa úra agus bíonn boladh an-taitneamhach orthu a chuireann torthaí glasa agus féar glas i gcuimhne, agus a n-úire agus a mbuaint le déanaí á gcur i gcuimhne acu. Ar an gcaoi chéanna, tugtar faoi deara go bhfuil na blaitithe tréithiúla a úsáidtear ina n-ullmhúchán ann. Tá uigeacht daingean agus cnagach ag an ológ, scarann an bia go héasca ón gcloch, agus fanann iarsmaí an chraicinn tar éis coganta. I measc na mblas bunúsach tá searbhas sainiúil, agus uaireanta is féidir láithreach salainn a shainnaint, ag brath ar an mblastanas a úsáidtear. I measc na mothaithe sa bhéal, tá seirbhe agus láidreach.

#### 5.2.5.2. Traidisiúnta

Go traidisiúnta bíonn ológa glas go buí éadrom seachas glas dian. Músclaíonn a mboladh torthaí úra agus na blastanais thipiciúla a úsáidtear ina n-ullmhú seachas na bolaithe úra féir is saintréithe de na hológa glasa úra. Uigeacht a bhfuil daingne níos lú aici, coinníonn siad a gcuid brisce, scarann an bia go héasca ón gcloch agus tá an craiceann i láthair. Tá searbhas mín sna hológa seo, agus tá seirbhe agus láidreacht níos lú faoi deara ná sna hológa glasa úra.

#### 5.2.5.3. Leasaithe

Bíonn dath buí ar an ológ leasaithe agus bíonn boladh torthaí aibí agus féir úr uirthi. Tá dea-bholadh na mblastán agus na nótaí lachtacha, saintréithe an mhodha ullmhúcháin agus leasaithe, i láthair. Níos lú daingean agus cnagach in uigeacht, scarann an bia go héasca ón gcloch, agus fanann iarsmaí an chraicinn tar éis coganta. Tá blas aigeadach uirthi, cailleann sí a searbhas sa bhéal agus tá iarbhas láidir uirthi.

#### 5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le STFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)*

Mar a míníodh roimhe seo, tá an crann olóige an-íogair do na dálaí comhshaoil ina bhfástar é agus do láimhseáil. Tá sé thar a bheith ilfheidhmheach agus in ann a chur in oiriúint do na dálaí comhthimpeallacha. I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl go bhfuil limistéar táirgthe ológ Aloreña teoranta go soiléir ag slabhra sléibhte lena gcinntear a saintréithe speisialta maidir leis an aeráid, an ithir agus luí talún an limistéir táirgthe. In éineacht le heolas na ndaoine áitiúla, tá ológ boird curtha ar fáil a sheasann amach ó ológa eile atá ar fáil ar an margadh.

Tá ábhar oleuropein ‘Aceituna Aloreña de Málaga’ ar cheann de na tréithe is mó a raibh tionchar aige ar ullmhú an chineáil seo olóige. Ciallaíonn cion íseal an pholaifeanóil seo gur féidir an searbhas a bhaint de na hológa laistigh de chúpla lá trí mhodh picilte simplí a úsáid. Tá sé mar thoradh air freisin go bhfuil na hológa scáinte chun ligean don sáile dul isteach ar bhia na dtorthaí níos éasca chun na cumaisc atá freagrach as a searbhas a bhaint.

Mar thoradh ar phicilt ‘Aceituna Aloreña de Málaga’ i sáile, tá uigeacht fheolmhar agus chnagach ag an táirge seo, ós rud é nach gcailltear snáithíneacht na dtorthaí úra mar gheall ar úsáid hidrocsaíd sóidiam. Bíonn tionchar ag an gcineál ithreacha ina bhfásann na hológa ar an uigeacht shnáithíneach freisin, ar thalamh imeallach i limistéir shléibhtiúla de ghnáth.

Bhí tionchar cinntitheach ar ullmhú ‘Aceituna Aloreña de Málaga’ ag an éascaíocht a scartar an chloch ón mbia, ar a dtugtar *hueso flotante* go háitiúil. Ciallaíonn an tréith seo gur féidir na hológa a scoilteadh le linn ullmhúcháin, ag fágáil an chloch scaoilte taobh istigh den bhia. Chun cinneadh a dhéanamh an raibh na hológa aibí lena saothrú, ghearrfadh muintir na háite an ológ sa lár go traidisiúnta, agus dá bhféadfaí í a dheighilt ina dhá leath, thug sé sin le fios go bhféadfaí tús a chur leis an mbuaint.

Tá blas agus dea-bholadh uathúil ‘Aceituna Aloreña de Málaga’ nasctha go dlúth lena mhodh ullmhúcháin freisin, ar toisc dhaonna é atá uathúil dá limistéar tionscnaimh, ós rud é go bhfuil na sean-nóis tugtha anuas ó ghlúin go glúin thar na blianta, agus úsáid á baint as na blastanais thraidisiúnta, ar meascán iad de phlandaí aramatacha a úsáidtear de ghnáth i gcóirithe olóige sa limistéar geografach seo (tím, finéil, piobar agus gairleog), a fásadh nó a roghnaíodh go stairiúil sa cheantar seo, cé go bhféadfadh siad teacht ó limistéir eile freisin.

Gné shuntasach eile den táirge seo is ea méid an ‘Aceituna Aloreña de Málaga’. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór d’fheirmeoirí cloí le teicnící prúnála áitiúla atá suntasach mar gheall ar a ndéine, a bhfoirm chiorclach agus an fásra solais. Tá tionchar ag an gcleachtas saothraithe seo freisin ar an gcóimheas bia-le-cloch, atá aicmithe mar den scoth ag painéil bhlaiste.

#### **Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge**

<https://lajunta.es/49k7w>